Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Obair Bhaile agus Measúnú 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 8/10/2025.
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



POLASAÍ NA SCOILE MAIDIR LE HOBAIR BHAILE

Is gné tábhachtach d'oideachais an dalta an obair bhaile i gColáiste Ghobnait. Cuirtear béim ar obair bhaile sa scoil mar chuid de fhorbairt oideachasúil an dalta.

Is cuid lárnach an obair bhaile d'obair scoile. Múineann sé scileanna don dalta a ullmhaíonn iad don scoil – neamhspleáchas, freagracht agus oibriú as a stuaim féin. Ó thaobh na measúnaithe leanúnaithe de, tá an obair bhaile riachtanach chun dul chun cinn an scoláire a luacháil. Chomh maith leis sin, is uirlís í an obair bhaile a chabhraíonn leis an scoláire staidéar agus anailís a dhéanamh agus é/í ag dul siar ar obair an lae/seachtaine/ téarma/bliana.

Tuigtear go gcludaíonn obair bhaile: scríobh, foghlaim, dul siar, léamh, ullmhúchán, staidéar, taighde a thugann an múinteoir lé déanamh taobh amuigh d'am scoile.

I gColáiste Ghobnait, baintear úsáid as réimse leathan modhanna measúnaithe chun dul chun cinn agus foghlaim na scoláirí a mheas. Ina measc seo baintear úsáid laethúil sna ranganna as modhanna neamhfhoirmiúla ar nós:

- ceisteanna a chur go rialta ar dhaltaí sna ranganna
- obair bhaile a thabhairt agus a cheartú go rialta
- monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar obair phraiticiúil na ndaltaí.

In éineacht leis na modhanna neamhfhoirmiúla thuasluaite, cuirtear an-bhéim sa choláiste ar mheasúnú leanúnach agus ar mheasúnú chun foghlama sna ranganna a chabhraíonn go mór le hathmaisféar foghlama agus le heitic na hoibre i measc na ndaltaí a chothú.

Aidhmeanna:

- Go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar obair an lae ar scoil.
- Go mbeidh sé de chleachtadh ag na daltaí dul siar a dhéanamh ar obair an lae.
- Go mbeidh taithí acu ar cheisteanna a fhreagairt a bheadh ar pháipéir scrúduithe.
- Níos mó eolais a fháil.
- Go mbeadh an tuismitheoir/caomhnóir páirteach i bhfoghlaim agus dul chun cinn an dalta.
- Chun seans a thabhairt don mhúinteoir aiseolas a lorg ar thuiscint an dalta.
- Scileanna eagrúcháin agus pléanála a fhorbairt sna daltaí.
- Scileanna taighde a fhorbairt i ndaltaí.
- Chun scileanna foghlamtha a mhúineadh don dalta.
- Chun a chinntiú go mbeidh cothromaíocht maidir le méid na hoibre.
- Chun cabhrú le daltaí barr a gcumas a bhaint amach i scrúduithe.
- Chun nósanna maithe staidéir a chothú sa scoil.
- Chun leanúnachas oibre a chinntiú ionas go mbeidh an fhorbairt is fearr á dhéanamh ag scoláirí Choláiste Ghobnait.
- Timpeallacht dhearfach a chruthú le hionchais ard foghlama.
- Gach dalta ag oibriú ar a gcumas féin.
- An Polasaí Contanam Tacaíochtaí a chuir i bhfeidhm má thagann deacrachtaí foghlama chun cinn.
- Chun scileanna taighde/measunaithe a fhorbairt i scoláirí.
- Go mbeidh aiseolas ag scoláire/tuismitheoir ón múinteoir ar chaighdeán na foghlama.
- Beidh cuspóir leis an obair bhaile, beidh sé ag teacht le hobair an ranga.

- Tabhafar obair bhaile don dalta i ngach rang (Tuigtear go gcludaíonn obair bhaile: scríobh, foghlaim, dul siar, léamh, ullmhúchán, staidéar, taighde a thugann an múinteoir lé déanamh taobh amuigh d'am scoile)
- Beidh cothromaíocht idir obair scríofa, obair ó bhéal, obair thaighde, obair thionscnaimh agus obair phraiticiúil.
- Ceartofar an obair bhaile go leanúnach agus tabharfar aiseolas.
- Tógfar san aireamh dalta le deacrachtaí foglamtha. Tá an contanam Tacaíochta Foghlama i bhfeidhm sa scoil, féach Polasaí Scoile Riachtanais Speisialta.
- Bíonn riachtanais dhifriúla ag na hábhair éagsúla maidir leis an méid obair bhaile a fhaightear gach seachtain agus gach lá. Chomh fada agus is féidir é, déanfaidh múinteoirí iarracht a chinntiú nach bhfuil an iomarca obair bhaile ag na daltaí ar aon oíche faoi leith.
- Mura mbíonn an obair bhaile déanta, is gá nóta a bheith sa dialann sínithe ag tuismitheoirí/ Caomhnoirí.

Ról na nDaltaí

- A chinntiú go ndéanann tú an obair bhaile go rialta agus de réir treoracha an mhúinteora agus an obair bhaile a dhéanamh go sasúil le caighdeán sásúil.
- Tá sé de dhualgas ar chuile scoláire dialann obair bhaile a bheith aige/aici i ngach rang agus taifead a dhéanamh ar an obair bhaile.
- Roimh dheireadh chuile rang go scríobhfaidh chuile scoláire an obair bhaile atá le déanamh aige/aici ina d(h)ialann scoile.
- Má tá deacracht nó míthuiscint ag aon scoláire maidir leis an obair bhaile, ba chóir dó/di ceist a chur ar an múinteoir sula bhfágann sé/sí an seomra ranga.
- Beidh ar an scoláire an obair bhaile a thaispeáint don mhúinteoir ar an lá a bhíonn socraithe ag an múinteoir.
- An obair bhaile bheith néata.
- Dataí na scrúduithe a scríobh isteach sa dialann obair bhaile.
- Iarracht fiú a dhéanamh má bhíonn deacracht acu leis an obair bhaile.
- Treallamh cheart a bheith agat sa rang.
- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fágadh cóipleabhar/leabhar sa bhaile nó i dtaisceadáin.
- Má tá scoláire gafa le himeacht eischuraclaim, tá sé de dhualgas orthu an obair bhaile a fháil agus é a dhéanamh.
- Déanfaidh daltaí iarracht ionraice chun obair bhaile a chur i gcrích go hiomlán agus in am.
- Bheith freagrach as eolas a fháil (roimh am staidéir) ar cén obair bhaile atá le déanamh sa chás go mbíonn siad as láthair as rang.
- A chur in iúl don mhúinteoir ábhair, roimh ranga, sa chás nach bhfuil an obair bhaile déanta.

Ról na múinteoirí ábhair

- Ní mór don mhúinteoir ábhair an pholasaí a chur i bhfeidhm.
- Cinnteoidh gach múinteoir go bhfaigheann na scoláirí go léir ina gcuid ranganna, obair bhaile go rialta.
- Súil a choimeád ar an dialann obair bhaile.
- Obair bhaile a cheartú.
- Má tá aon dalta le riachtannais aitheannta beidh an t-eolas seo ar Tyro faoin AEN. Ní mór na moltaí seo a chur i bhfeidhm.
- Nuair atá an teimpléad mheasúnaithe comhlánaithe ag an múinteoir ábhair, tá sé de dhualgas ar an múinteoir ábhar an teimpléad a thabhairt don scoláire.
- Treoir a thabhairt do dhaltaí nuair atá gá leis.
- Teimpléad machnamh a líonadh agus aiseolas éifeachtach a thabhairt don dalta.
- Míneóidh an múinteoir an obair bhaile go hiomlán.

POLASAÍ OBAIR BHAILE

- Ceartóidh an múinteoir an obair bhaile agus beidh aiseolas dearfach cuiditheach ag na daltaí ag teacht le measúnú chun foghlama.
- Beidh dóthain ama ag daltaí chun nóta den obair bhaile a scríobh síos sa dialann scoile.
- Beidh dóthain ama ag daltaí chun an obair bhaile a dhéanamh.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Is féidir tagairt do chaighdeán an obair bhaile ar thuairisc a chuirtear abhaile.
- Scileanna a mhúineadh don dalta a chuireadh ar a gcumas an obair bhaile a dhéanamh go sásúil.
- An polasaí a léamh agus a chur i bhfeidhm ina gcuid ranganna.
- Cloí leis na smachtbhannaí.
- An Contanam tacaíochta a chur i bhfeidhm.
- Baint ag obair bhaile leis an obair ranga.
- Ba cheart go mbeadh cóip don teimpléad aiseolas (Aguisín A) ar MS Teams/One Note gach dalta agus go ndeanfaí athbhreithniú idir scrúdú 10 agus 20 agus go gcuirfí plean oibre i bhfeidhm le freastal ar riachtanais foghlama an dalta.
- Beidh ar an Múinteoir Ábhar Tuismitheoirí/Caomhnóirí a chur ar an eolas tríd rphost a sheoladh maidir leis na dátaí an MRB & TM agus cóip le seoladh ag an bPríomhoide.
- Tuairisciú ar Tyro – 3 chéim maidir le tuairisciú dul chun cinn an fhoghlaimeora.
    - cén obair atá déanta ag an scoláire go dtí seo/cén topaic/ábhar a rinne an scoláire go maith ann?
    - céard is féidir leis an scoláire a dhéanamh chun feabhas a chinntiú?
- Tá sé de dhualgas ar an múinteoir ábhair úsáid a bhaint as an teanga tuairisciú.
- Coinníonn na múinteoirí taifead de thorthaí mórscrúduithe chomh maith le taifead ar mhionscrúduithe agus ar obair bhaile. Cabhraíonn an cleachtas measunaithe seo le tuismitheoirí agus le múinteoirí súil a choinneáil ar fhorbairt na ndaltaí sna hábhair éagsúla.
- Beidh rochtain ar an gcóras ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí. Beidh fáil ar thorthaí na measunaithe (Scrúduithe Seachtain 10, 20, 30 & MRBanna)ar an gcóras Tyro agus is féidir le tuismitheoirí súil a choimeád ar seo.

Ról an mhúinteoir bliana:

- Bheith mar dhuine teangmhála don bhliain ghrúpa
- Cumarsáid le tuismitheoirí (glaonna fóin, rphoist srl.)
- Roinnt eolais leis an bhfoireann agus bainistíocht na scoile maidir leis an mbliain ghrúpa.
- Eolas a chur ar Tyro – sláinte, ginearálta .
- Glaoch le cur ar an tuismitheoir de réir mar is gá.
- Monatóireacht ar na pointí ar Tyro – gníomh más gá.
- Meabhrú do scoláirí Uasghrádú a dhéanamh ar na ríomhairí.

Foirm iarratais seiceáil le haghaidh eolas sláinte & Riachtanais Breise.

Modh dhá chumarsáide le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus cúram tréadach na scoláirí.

Monatóireacht acadúla

- Spriocanna a leagan amach do scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Ansin, athbhreithniú ar na torthaí agus gníomhú mar is gá.
- Staidéar a dhéanamh ar thuairscí Tyro.
- Spriocanna monatóireacht (Aguisín B) le líonadh tar éis Seachtain 10, 20 agus 30
- Pointí CAO le déanamh le scoláirí bliain 5&6 tar éis scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.

- Nasc leis an gcomhordaitheoir R.S. de réir mar is gá.
- Nasc leis an gCoiste Tréadach de réir mar is gá.

Tinreamh (Polasaí tinrimh)

- Monatóireacht ar an tinrimh – scoláire as láthair ar feadh cúpla lá (féach polasaí) – glaoch abhaile.
- Cinntiú go bhfuil taifead á dhéanadh ar seo sa dialann scoile.

Dialann Scoile

- Seiceáil ar a laghad uair sa mí/téarma agus le síniú ag an múinteoir ranga.

Ionduchtú tús na bliana

Taisceadán le seiceáil uair gach téarma

Eachtaí/Cómortais

- Eolas le seoladh chuig eolas.gobnait@gretb.ie maidir le comórtais agus srl atá scoláirí páirteach ann i saol na scoile agus taobh amuigh do shaol na scoile.

Cód Iompar

- Má theastaíonn coiste iompar a eagrú is é freagracht an múinteoir bliana é sin a éagrú.
- Má bhíonn scoláire ar chárta tuairisce beidh ar an múinteoir bliana an cárta a thabhairt amach agus a chinntiú go bhfuil sé comhlíonta i gceart. Tá taifead le déanamh ar NOTES i Tyro má bhí scoláire ar chárta tuairisce. Ba cheart go mbeadh dátaí leis seo.

Ról na dtuismitheoirí/Caomhnoirí

- Is féidir le tuismitheoirí/Caomhnoirí cabhair agus cúnamh a thabhairt dá ngasúir trí tacaíocht a thabhairt do pholasaí na scoile.
- Tuigeann muid i gColáiste Ghobnait an ról lárnach atá ag an tuismitheoir/caomhnóir in oideachas an dalta.
- Ba cheart do thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta gach oíche agus an dialann a shíniú uair sa tseachtain.
- Beidh fáilte roimh na tuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an gColáiste agus coinne a dhéanamh le Coláiste Ghobnait má bhíonn aon imní orthu faoi chúrsaí obair bhaile. (Féach Córas Cumarsáide na Scoile).
- Moltar do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí freastal ar cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí i ngcás nach feidir leo freastal.

Beidh rochtain ar an gcóras ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí. Beidh fáil ar thorthaí na measúnaithe ar an gcóras Tyro agus is féidir le tuismitheoirí súil a choimeád ar seo. 3 chéim maidir le tuairisciú dul chun cinn an fhoghlaimeora:

- cén obair atá déanta ag an scoláire go dtí seo?
- céard is féidir leis an scoláire a dhéanamh chun feabhas a chinntiú?
- cén topaic/ábhar a rinne an scoláire go maith ann?

Ról an Phríomhoide/ Príomhoide Tánaisteach

- Chun measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí ar bhonn leanúnach.

Ról an Bhoird Bainistíochta

- Ní mór don Bhord a chinntiú go bhfuil Polasaí Obair Bhaile ag feidhmiú sa scoil.
- An Polasaí a dhearbhú.

Córas Cumarsáide na scoile

Cá dtéann tú, má tá fadhb/imní/ceist agat/*Where do you go if you have a problem/you are worried/you have a question*:

- Dul chun cinn **acadúil** in **ábhar áirithe** nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/
  ***Academic** progression in **certain subjects** or the approach to teaching and learning in that subject:*



- Dul chun cinn **acadúil go ginearálta,** nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/
  General academic progression that is not confined to one subject in particular:



- Dul chun cinn go ginearálta**,** maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/
  General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems):



Mura ndéantar an obair bhaile leantar an proiséas seo:

Céim 1
Má tá dalta gan obair bhaile i d'ábhar, scríobh isteach é ar an gcóras Tyro agus cur dáta leis.

Céim 2
Má tá dalta gan obair bhaile x 3 ar Tyro déanfaidh an múinteoir bliana teangmháil leis an mbaile (rphost 'cc' a dhéanamh leis an bPríomhoide/Príomhoide Táinaisteach). Ní mór don mhúinteoir bliana taifead a dhéanfaidh ar an nglaoch faoi NOTES an dalta ar Tyro.

Céim 3
Nuair a bheidh trí iontráil eile (6 iontráil gan obair bhaile) ar Tyro mar gheall ar obair bhaile beidh an dalta ar chárta tuairisce. Beidh cruinniú ag an scoláire leis an múinteoir bliana agus cuirfear an scoláire ar chárta tuairisce (gorm).

Céim 4
Nuair a bheidh trí iontráil eile(9 iontráil gan obair bhaile) ar Tyro mar gheall ar obair bhaile beidh an dalta ar chárta tuairisce (buí) agus moilliú tar éis na scoile agus cuirfidh an Múinteoir Bliana rphost abhaile.

Céim 5
Nuair a bheidh trí iontráil eile (12 iontráil gan obair bhaile) ar Tyro mar gheall ar obair bhaile, beidh cruinniú ag an Múinteoir Bliana agus an Príomhoide Tánaisteach leis an Tuismitheóir. Eagróidh an Múinteoir Bliana an cruinniú sin. Cuirfear an dalta ar chárta tuairisce (dearg) agus moilliú tar éis na scoile.

Tuairisciú
I gcás na scrúduithe/measunaithe bíonn, fáil ar na torthaí agus tuairiscí ar an gcóras Tyro do seachtain 10, 20 & 30. Tugann na tuairiscí seo léiriú don tuismitheoir/caomhnóir agus don dalta ar dhul chun cinn an dalta. Is iad na múinteoirí ábhair a líonann isteach torthaí an ábhair. Má bhíonn aon imní ar thuismitheoir faoi dul chun cinn a ngasúr, ba chóir dhóibh córas cumarsáide na scoile a leanúint.

Measúnuithe Rangbhunaithe – Teanga Tuairisciú in úsáid do tSraith Shóisearach agus an Idirbhliain
- Thar barr ar fad.
- Os cionn na n-ionchas.
- Ag teacht leis na hionchais.
- Ionchais le baint amach fós.

An tSraith Shóisearach
- Gradam (≥85 go dtí 100)
- Ardtuillteanas (≥70 agus <85)
- Tuillteanas (≥55 agus <70)
- Gnóthaithe (≥40 agus <55)
- Gnóthaithe go páirteach (≥20 agus <40)
- Neamhghrádaithe (≥0 agus <20).

Ardteistiméireacht

Grád Ard Leibhéal	Pointí	Grád Gnáth Leibhéal	Pointí
H1	100		
H2	88		
H3	77		
H4	66		
H5	56	O1	56
H6	46	O2	46
H7	37	O3	37
H8	0	O4	28
		O5	20
		O6	12
		O7	0
		O8	0

Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí

Tionóltar cruinniú tuismitheoirí/múinteoirí do dhaltaí bliain 3 & 6 dhá uair sa bhliain agus gach dalta eile uair sa mbliain. Is deis é an cruinniú seo chun dul chun cinn an dalta a mheas agus a phlé le múinteoirí an dalta. Tugann sé deis freisin eolas tábhachtach a roinnt idir thuismitheoirí agus múinteoirí. Moltar do thuismitheoirí freastal ar na cruinnithe seo i gcónaí.

Mura féidir le tuismitheoir freastal ar an gcruinniú tá an freagracht ar an tuismitheoir rphost a sheoladh chuig an múinteoir ábhar chun am & dáta a shocrú do chruinniú eile, más mian leo.

Féin Mheastóireacht Scoile

Is é Féinmheastóireacht Scoile (FMS) ná phróiseas comhoibríoch, athmhachnamhach agus cuimsitheach den athbhreithniú inmheánach scoile. Le linn FMS, beidh an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus na múinteoirí, faoi stiúir an bhoird bhainistíochta agus an phátrúin, agus i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus leis na scoláirí, páirteach i bhfiosrú athmhachnamhach ar obair an Choláiste. Baineann féinmheastóireacht scoile go príomha le feabhsúcháin agus le forbairt scoile.

An Dialann Scoile

Tá dialann obair bhaile ag gach scoláire a chuireann an scoil ar fáil. Baintear úsáid as an dialann scoile chun nótaí a sheoladh idir an scoil agus an baile. I gcás easpa oibre, is minic go gcuirfidh an múinteoir ábhair nóta abhaile chuig an tuismitheoir/caomhnóir sa dialann scoile. **Moltar don tuismitheoir/caomhnóir súil rialta a chaitheamh ar an dialann scoile chun aon fhadhb maidir le heaspa oibre a mheas.**

- Is den riachtanas é Dialann Scoile a bheith ag an dalta ar scoil gach lá.
- Is chun cabhrú le daltaí a gcuid oibre a eagrú atá an Dialann Scoile ann.
- Scríobhfaidh daltaí sonraí an obair bhaile sa Dialann chuile lá.
- Déanfaidh múinteoirí ábhair seiceáil laethúil ar an Dialann mar ghnáthchuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Is áis freisin í, an Dialann Scoile, chun comhfhreagras idir an Choláiste agus an baile, agus idir múinteoirí agus tuismitheoirí a chothú.
- **Iarrtar ar thuismitheoirí an Dialann Scoile a shíniú gach seachtain.**
- Má chailltear an Dialann Scoile beidh ar an dalta costas ceann nua a íoc.

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar obair bhaile

- Múinteoirí ábhair go laethúil mar gnáth chuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Déanfaidh múinteoir taifead ar measúnú ar obair bhaile.

- Modh tuairisciú ar Tyro.
- Úsáid a bhaint as an Teanga Tuairisciú.
- Úsáid a bhaint as an trí chéim nuair atá tú ag tabhairt aiseolas maidir le dul chun cinn an fhoghlaimeora.

Fad Obair Bhaile

Moltar é seo thíos mar threoirlíne leathan maidir le cé mhéad uair an chloig ba choir do dhaltaí caitheamh ar obair bhaile. Tá sé bunaithe ar dhea-chleachtas agus níl sé críochnaitheach.

*1ú Bliain:	1 – 1½ uair
2ú Bliain:	2 – 2½ uair
3ú Bliain:	2½ –- 3 uair
Idirbhliain:	1½ uair
5ú Bliain:	2½ – 3 uair
6ú Bliain:	3 – 4 uair

***Moltar gan mórán obair bhaile a thabhairt do bhliain a 1 sa chéad téarma. Cabhraíonn sé seo leis an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.**

Monatóireacht rialta ar Obair Thionscadail

Iarrtar ar chuile mhúinteoir a bhfuil 'Tionscadail' mar eilimint dá n-ábhar clár, spriocdhátaí a chur ar fáil ag tús na scoilbhliana. (Amchlár Coimisiún na Scrúduithe Stáit).

MEASÚNÚ

Cuspóir an Mheasúnaithe

- Faisnéis chruinn maidir le leibhéal tuisceana agus leibhéal foghlama scoláirí a sholáthar.
- Réimse éagsúil de chur chuige teagaisc a chur chun cinn agus tacú leis sin.
- Tacú le réimse iomlán na gcuspóirí curaclaim a bhaint amach.
- Deis a thabhairt do scoláirí chun cur lena bhféinmheas, a gcuid eolais, a scileanna tuisceana, a ndearcthaí agus a gcuid Luachanna.
- Cur le féinmheastóireachta na scoile (FMS)
- Deis a sholáthar do thuismitheoirí chun dul chun cinn a gcuid páistí a phlé.

Cé go mbaineann an polasaí seo go dlúth le scoláirí, glacann foireann teagaisc an Choláiste go comhoibríoch leis an bpróiseas FMS i ngach gné de shaol an Choláiste mar atá le sonrú i gcáipéisí eile an Choláiste. Aithníonn an Choláiste measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama (ina bhfuil féinmheasúnú agus piarmheasúnú san áireamh) mar bhunchlocha an pholasaí seo.

Measúnú ar an tSraith Shóisearach

Úsáideann an scoil raon cur chuige i leith an mheasúnaithe chun an fhoghlaim a chomhlánú:

- Measúnuithe leanúnacha, ar a n-áirítear tascanna agus trialacha gnáthúla múinteoir-dheartha.
- Measúnuithe Rangbhunaithe struchtúrtha d'ábhair sa dara agus sa tríú bliain.
- Scrúdú stát-theistithe le measúnú seachtrach ar ábhair ag deireadh na tríú bliana.
- Go mbeadh scrúdú scríofa Seachtain 10, 20 & 30 ag gach dalta.

Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an dóigh ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach.

POLASAÍ OBAIR BHAILE

Tríd úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measunaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint.

Tá tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach. Tá ríthábhacht ag baint le cleachtais mheasúnaithe ranga ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim an scoláire agus le gnóthachtáil an scoláire a chur chun cinn. Baineann measúnú leanúnach le cleachtas a bhíonn **foirmitheach** agus **suimitheach** araon.

Measúnaithe Rangbhunaithe ar ábhair

Déanann scoláirí na Measúnuithe Rangbhunaithe i dtréimhse ama ar leith laistigh d'am ranga agus de réir mar a bhíonn ar chlár ama náisiúnta.
Beidh ar an Múinteoir Ábhar Tuismitheoirí/Caomhnóirí a chur ar an eolas tríd rphost a sheoladh maidir le dátaí an MRB agus cóip le seoladh ag an bPríomhoide.

Measúnaithe/Scrúduithe

***Beidh an leagan Gaeilge & Béarla (do na téarmaí) ar fáil do na scoláirí – mar a bheidh acu sna scrúduithe stáit.**

Bliain 1: Scrúduithe seachtain 10, 20 & 30 (féach féilire na scoile)
Bliain 2: Scrúduithe seachtain 10, 20 & 30 (féach féilire na scoile)
Bliain 3: (i) Scrúduithe seachtain 10 (féach féilire na scoile)
(ii) Bréagscrúdú an Teastais Shóisearaigh (mar chuid de scrúduithe seachtain 20) chun taithí a thabhairt do na daltaí ar na scrúduithe stáit.
Idirbhliain: Scrúduithe seachtain 10, 20 & 30 (féach féilire na scoile)
Bliain 5: (i) Scrúduithe seachtain 10, 20 & 30 (féach féilire na scoile)
Bliain 6: (i) Scrúduithe seachtain 10 (féach féilire na scoile)
(ii) Bréagscrúdú na hArdteistiméireachta i rith scrúduithe seachtain 20 chun taithí a thabhairt do na daltaí ar pháipéar iomlán a shuí i ngach ábhar. Is iad múinteoirí na scoile a cheartaíonn na scrúduithe seo.

Teimpléad Measúnaithe (Aguisín A)

Tríd an FMS tá béim mhór ar an teimpléad measúnaithe. Bíonn ionchur ag na daltaí sa teimpléad. Faigheann daltaí deis machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlaim freisin, ag cloí leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthacht, tá béim orthu seo ar an teimpléad. Nuair a bhíonn an teimpléad comhlánaithe ag an scoláire agus an múinteoir ábhair, **seoltar an teimpléad abhaile chuig an tuismitheoir**. Ba cheart go mbeadh cóip i MS Teams/One Note gach dalta agus go ndéanfaí athbhreithniú idir scrúdú 10 agus 20 agus go gcuirfí plean oibre i bhfeidhm le freastal ar riachtanais foghlama an dalta agus a ndul chun cinn.

Bealaí agus Cur Chuige Measúnaithe

- Tugtar obair bhaile oiriúnach agus déantar é a cheartú. Bailítear na cóipleabhair go rialta agus déantar léirmheas ar an obair nó ceartaítear an obair sa rang.
- Tugtar scrúduithe ranga go rialta bunaithe ar an obair atá go díreach déanta.
- Cuirtear sraith ceisteanna ar scoláirí go rialta. Forbraíonn seo caint agus líofachta na scoláirí. (Ceistiú)
- Úsáid a bhaint as Tacsanomaíocht Bloom.
- Scrúduithe Seachtain 10, 20 (bréagscrúdú) agus 30.
- Cuirtear trí thuairisc abhaile gach scoil bliain chuig tuismitheoirí Bliain 1, 2, 4 agus 5.
- Cuirtear dhá thuairisc abhaile chuig tuismitheoirí Bliain 3 agus 6.
- Bíonn cruinniú amháin tuismitheoirí/múinteoirí i rith an scoilbhliain ag gach bliain ghrúpa (2 chruiniú tuismitheoirí/múinteoirí ag Bliain 3 & 6). Bíonn ábhar na dtuairiscí fite fuaite leis na cruinnithe seo.

- Is féidir cruinniú faoi leith a shocrú le tuismitheoir má mheastar go bhfuil ionchur de dhíth chun scoláire a chur ag obair níos fearr ar scoil.
- Is féidir smachtbhannaí éagsúla a chur i bhfeidhm mura mbíonn scoláire ag baint amach caighdeán shásúil ina c(h)uid oibre. Féach Cód Iompar.
- Cuirtear san áireamh cumas an scoláire agus scrúdú a leagan amach, tuairisc a scríobh, ceisteanna a chur sa rang agus léirmheas a dhéanamh ar obair cóipleabhair.
- Déantar na céimeanna uilig den phróiseas thuas a thaifeadadh sna háiteanna cuí.

Modh Measúnaithe

- Go mbeidh na scoláirí in ann machnamh éifeachtach a dhéanamh ar gach scrúdú tar éis iad a bheith ceartaithe agus tugtha ar ais agus go dtuigfidh siad céard atá le déanamh acu chun feabhas a chinntiú.
- An bhearna idir 'céard a cheap an scoláire a fuair siad tar éis an scrúdú agus a marc a thugann an múinteoir tar éis an scrúdú a bheith ceartaithe – iarracht an bhearna seo a laghdú.
- Scrúduithe gach 10 seachtainí ar mhaithe le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a chur ar fáil do na scoláirí.
- Teimpléad taifid ar mheasúnú.
- Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir an teimpléad taifid ar mheasúnú a líonadh tar éis scrúduithe seachtain 10, 20 & 30.
  - Cóip le tabhairt don dálta tar éis scrúduithe seachtain 10, 20, 30
  - Tabharfaidh an taifead seo pictiúr chuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag scoláirí Choláiste Ghobnait.
  - Beidh graf ar chúl an teimpléad taifid do scoláirí le líonadh nuair a bheidh siad ag déanamh féin mheasúnú maidir lena ndul chun cinn.
  - Teimpléad taifid ar mheasúnú comhlíonta go hiomlán ag gach scoláire agus múinteoir.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Déanfaidh múinteoirí taifead ar mheasúnú an obair bhaile.
- Scrúdaithe ranga – tabharfar scrúdú ranga go rialta agus beidh cuntas ar na marcanna i ndialann an mhúinteora.
- Beidh tuairisc scríofa agus marc ag dul abhaile ar an gcóras Tyro do gach daltaí i mbliain 1, 2, agus 5 tar éis scrúduithe seachtain 10, 20 agus 30.
- Beidh tuairisc scríofa agus teanga an tuairisciú ag dul abhaile ar an gcóras Tyro don Idirbhliain do Seachtain 10, 20 & 30.
- Beidh tuairisc scríofa agus marc ag dul abhaile ar an gcóras Tyro do dhaltaí Bliain 3 agus 6 tar éis scrúduithe Seachtain 10 agus 20.
- Béaltrialach – Gaeilge agus Fraincis agus obair phraiticiúla.
- **Déanfaidh gach múinteoir anailís bhliantúil ar na scrúduithe stáit ina n-ábhar féin de réir treoracha OIDE agus beidh cóip dhó seo le cuir ar fáil don Phríomhoide.**
- Déanfar scrúduithe caighdeánach le bliain 1 (féach Polasaí Riachtanais Speisialta).

Measúnú chun foghlama

Tá measúnú chun foghlama an-tábhachtach chun aiseolas a sholáthar do scoláirí ar conas a gcuid foghlama a fheabhsú. Seo iad a leanas na modhanna éagsúla a úsáidtear i gColáiste Ghobnait chun measúnú chun foghlama a chur chun cinn sa scoil:

- Beidh na hintinní foghlama agus critéir ratha ar fáil istigh ar One Note.
- Roinntear na hintinní foghlama le daltaí ag tús gach rang.
- Déantar iarracht na daltaí a spreagadh roimh ré le seisiún tobsmaointeoireachta nó obair ghrúpaí nó le haiseanna amhairc.

- Trí úsáid a bhaint as eiseamláirí, cabhraítear le scoláirí tuiscint a fháil ar an gcaighdeán oibre atá siad ag iarraidh a bhaint amach.
- Le linn ceartúcháin ar obair na scoláirí déantar cinnte go bhfuil nótaí tráchta an mhúinteora ag díriú ar an méid a rinneadh go maith agus ar chéimeanna chun feabhais.
- Cuirtear deiseanna ar fáil do scoláirí ionas go mbeidh siadsan ábalta a gcuid oibre féin agus obair a gcuid chomhscoláirí a cheartú.
- Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú.
- Éagsúlacht san obair bhaile. (Difreáil)
- Obair ghrúpaí.
- Ionchur ó dhaltaí maidir le hobair bhaile.
- Déanfar gach iarracht na MRBanna a Scaipeadh amach thar an scoilbhliain ag baint úsáid as féilire inmheánach.
- Déanfar gach iarracht freastal ar riachtanais scoláirí le linn an scoilbhliain maidir leis na MRBanna.

Measúnú ar an bhFoghlaim

- Scrúduithe ranga – scrúdú cainte, scrúdú cluastuisceana agus scrúdú scríofa.
- Grád nó marc a thabhairt don obair.
- Scrúduithe Seachtain 10, 20 (bréagscrúdú) agus 30.

Féinmheasúnú

- Uaireanta ceartaíonn na scoláirí a gcuid oibre féin agus tugann siad marc nó grad don obair sin.
- Uaireanta cuireann na múinteoirí líne faoi roinnt botún agus caithfidh na daltaí na botúin sin a cheartú.
- Aithníonn siad na botúin atá déanta acu, tuigeann siad iad agus foghlaimíonn siad ó na botúin seo.
- Scoláirí ag oibriú amach iad féin cén céatadán a thuillfeadh a gcuid oibre.

Piarmheasúnú

- Cuirtear ceist ar scoláirí obair scoláirí eile sa rang a cheartú uaireanta.
- Cuireann scoláirí líne faoi na botúin is mó atá déanta acu uaireanta agus uaireanta eile ceartaíonn siad na botúin.
- Tugann scoláirí an grád oiriúnach don obair.

Athbhreithniú

- Déanfar athbhreithniú ar éifeacht an pholasaí go rialta.
- Rachfar i gcomhairle le múinteoirí ábhair, múinteoirí ranga, daltaí agus tuismitheoirí chun aiseolas a lorg.
- Déanfaidh gach roinn ábhair athbhreithniú ar na marcanna scrúduithe ar bhonn leanúnach.
- Go mbeadh na torthaí foghlama roinnte agus go ndéanfaí tagairt dóibh go minic i rith an cheacht. Ba cheart go mbeadh siad soiléir agus fite fuaite sa cheacht.
- Straitéis éagsúla a úsáid le linn an cheacht – difreáil.

AGUISÍN A

COLÁISTE GHOBNAIT

Ainm an Scoláire: _____

Bliain: _____ Múinteoir: _____

Ábhar: _____

Scrúdú Seachtain ___

Mac Léinn *Sula dtosaíonn tú an scrúdú*	**Cén marc as 10 a thabharfadh tú do chuid ullmhúchán don scrúdú seo – cuir ciorcal ar uimhir:** 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 **Cuir tic leis an ullmhúcháin ar fad a rinne tú:** **Obair bhaile** **Staidéar/Dul siar** **Cleachtadh freagairt ceisteanna** **I láthair do gach rang** **Eile - mínigh**	
Mac léinn *Tar éis duit gach cuid den scrúdú a chríochnú*	Cad is dóigh leat atá bainte amach agat sa scrúdú seo?	
Múinteoir	**Toradh** (gan bónas mharcanna)	
	Toradh (le bónas mharcanna)	

Le comhlánú ag an múinteoir tar éis cheartú an scrúdaithe

Dul Chun Cinn Soilse Tráchta	
DEARG Bhí gá le tuilleadh ullmhúcháin roimh an scrúdú – gá le hobair chrua sula dtarlaíonn feabhas	
ÓMRA Gá le roinnt obair bhreise sna réimsí atá aibhsithe	
UAINE Tá tú de réir sprice	

FMS - Litearthacht	
Thar barr ar fad	
Os cionn ionchas	
Ag teacht le hionchais	
Ionchais le baint amach fós	

Le comhlánú ag an mac léinn tar éis an scrúdú a bheith ceartaithe agus tugtha ar ais

Machnamh ar mo scrúdú	
Is iad na réimsí ar gá dom díriú orthu chun feabhas a bhaint amach:	
Dhá (2) rud a rinne mé go maith: 	➢ ➢
Cad is gá dom a dhéanamh ar bhealach éigin eile chun feabhas a chinntiú?	
An bhfuil dul chun cinn déanta agat ó scrúduithe sheachtain 10 agus 20? Mínigh	

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra: _____ Dáta: _____

FMS – Uimhearthacht

Codán	Deachúil	%



CÁRTA TUAIRISCE – OBAIR BHAILE

Ainm an dalta: ……

Bliain: ……..

Dáta: ……

Cód
1= Míshasúil
2=Sasúil
3=Maith

Am	Cód	Síniú an mhúinteora
09:00 – 09:40		
09:40 – 10:20		
10:20 – 11:00		
11:00 – 11:15		
11:15 – 11:55		
11:55 – 12:35		
12:35 – 01:15		
01:15 – 02:00		
02:00 – 02:40		
02:40 – 03:20		
03:20 – 04:00		

Síniú Tuismitheoir/Caomhnóir: ……..…… **Dáta:** ……

Gníomhaíocht 3

Tacsanomaíocht Bloom a úsáid chun tacú le ceistiú

Meabhraigh conas a d'fhéadfá na fréamhacha ceiste seo a úsáid agus a chur in oiriúint le cabhrú leat na cineálacha ceiste a chuireann tú sa seomra ranga a dhéanamh níos éagsúla.

Scileanna Smaointeoireacht Chriticiúil

1 Eolas
Faisnéis a aithint agus a thabhairt chun cuimhne

sainmhínigh · líon an bhearna · liostaigh · sainaithin · lipéadaigh · láimhsigh · meaitseáil · cuir de ghlanmheabhair · ainmnigh · tabhair chun cuimhne · litrigh · luaigh · inis · aibhsigh

Cé_____?
Cad é_____?
Cén áit_____?
Cén uair_____?
Conas_____?
Cuir síos ar_____?
Cad é é_____?

2 Tuiscint
Fíricí agus smaointe a eagrú agus a roghnú

iompaigh · cuir síos ar · mínigh · léirmhínigh · cuir athleagan ar · cuir in ord · athluaigh · athinis i d'fhocail féin · athscríobh · achoimrigh · rianaigh · aistrigh

Athinis _____ i d'fhocail féin.
Cad é príomhsmaoineamh_____?
Cé na difríochtaí atá idir_____?
An féidir leat breac-chuntas gairid a thabhairt?

3 Feidhmiú
Fíricí, rialacha agus prionsabail a úsáid

cuir i bhfeidhm · ríomh · déan amach · cuir le chéile · léirchruthaigh · socraigh · tarraing · faigh amach · tabhair sampla · léirigh · cruthaigh · oibrigh · taispeáin · réitigh · luaigh riail nó prionsabal · bain úsáid as

Cén chaoi a bhfuil _____ina shampla de_____?
Cén chaoi a bhfuil _____ bainteach_____?
Cén fáth a bhfuil _____ tábhachtach?
An bhfuil a fhios agat cás eile ina _____?
An bhféadfadh sé sin tarlú in_____?

4 Anailísiú
An t-iomlán a scaradh ina chomhchodanna

anailísigh · catagóirigh · rangaigh · déan comparáid · déan codarsnacht · pléigh · bain de thátal as · oibrigh amach na tosca · déan léaráid · idirdhealaigh · déan scagadh · déan amach · scrúdaigh · infeirigh · sonraigh

Cad iad na codanna nó na gnéithe de_____?
Rangaigh _____ de réir_____.
Déan imlíne/léaráid/eangach/mapa de_____.
Conas atá ___ci gcomparáid/i gcontrárthacht le___?
Cén fhianaise is féidir leat a thabhairt le haghaidh_?

5 Sintéisiú
Smaointe a nascadh chun rud iomlán nua a chruthú

athraigh · comhcheangail · cum · tóg · cruthaigh · dear · aimsigh caoi neamhghnách · foirmligh · gin/ceap · fionn · tionscain · pleanáil · tuar · cuir i gcéill · táirg · athchóirigh · atóg · atheagraigh · athbhreithnigh · mol · cuir i gcás · léirshamhlaigh · scríobh

Cad é a thuarfá/a thomhaisfeá ó_____?
Cé na smaointe a thig leat a chur le_____?
Cad é mar a chruthófá/dhearfá_____nua?
Cé na réití a mholfá le haghaidh_____?
Cad é a d'fhéadfadh tarlú dá nascfá_____le_____?

6 Meastóireacht
Tuairimí, breithiúnais, nó cinntí a fhorbairt

tabhair breithmheas ar · roghnaigh · cuir i gcomparáid · socraigh · cinn ar · cosain · déan meastóireacht ar · tabhair do bharúil · tabhair breith ar · tabhair údar le · cuir in ord tosaíochta · rangaigh · rátáil · roghnaigh · tacaigh le · meas do

An aontaíonn tú go _____ ? Mínigh.
Cad é a shíleann tú faoi_____?
Cad é is tábhachtaí?
Cuir _____ in ord tosaíochta de réir_____?
Conas a dhéanfá cinneadh faoi_____?
Cé na critéir a bheadh agat chun_____a mheas?

Creidiúint - http://www.teachthought.com/wp-content/uploads/2013/09/blooms-question-stems.jpg

Le haghaidh tuilleadh smaointe ar an gcaoi chun tacsanomaíocht Bloom a nascadh le ceistiú sa seomra ranga agus le cuir chuige mheasúnaithe téigh chuig http://www.bloomstaxonomy.org/Blooms%20Taxonomy%20questions.pdf

AGUISÍN B: SPRIOCANNA MEANTÓIREACHT – BLIAIN 1, 2, 3

(Le comhlíonadh ag an múinteoir bliana leis na scoláirí)

Ainm: .....

Bliain: .....

Múinteoir bliana: .....

Cén meán marc a fuair tú? .....

Ábhar is fearr leat	Cén fáth?

An marc is ísle a fuair tú agus cén fáth?

_____

_____

An dúshlán is mó a bhain leis na scrúduithe? (m.sh, brú ama, ní raibh na freagraí ar eolas .....)

_____

_____

Spriocanna do na chéad scrúduithe eile?

An bhfuil aon chúnamh nó tacaíocht ag teastáil uait?

Tá ☐ **Níl** ☐

Má tá tug eolas.

1. _____
2. _____
3. _____

An bhfuil tú sásta ar scoil?

Tá ☐ **Níl** ☐

Tug eolas.

_____

_____

SPRIOCANNA MEANTÓIREACHT – BLIAIN 4, 5, 6

(Le comhlíonadh ag an múinteoir bliana leis na scoláirí)

Ainm: .....

Bliain: .....

Múinteoir bliana: .....

Cén meán marc pointí CAO a fuair tú? .....

Cén cúrsa atá tú ag iarraidh a dhéanamh? .....

Cé mhéad pointe atá ag teastáil? .....

An bhfuil aon ábhar riachtanach? .....

Ábhar is fearr leat	Cén fáth?

An marc is ísle a fuair tú agus cén fáth?

_____

_____

An dúshlán is mó a bhain leis na scrúduithe? (m.sh, brú ama, ní raibh na freagraí ar eolas .....)

_____

_____

Spriocanna do na chéad scrúduithe eile?

An bhfuil aon chúnamh nó tacaíocht ag teastáil uait?

Tá ☐ **Níl** ☐

Má tá tug eolas.

1. _____
2. _____
3. _____

An bhfuil tú sásta ar scoil?

Tá ☐ **Níl** ☐

Tug eolas.

_____

_____